C/2024/5284

26.8.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11516 – FERTINAGRO / AMEROPA / AMEROPA BIOTECH)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5284)

1. An 19 Lúnasa 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Fertinagro Biotech International, S.L.U. ('Fertinagro', an Spáinn),

— Ameropa DG Holding A.G. ('Ameropa Holding', an Eilvéis),

— Ameropa Biotech S.R.L. ('Ameropa Biotech', an Rómáin).

Gheobhaidh Ameropa Holding agus Fertinagro rialú comhpháirteach ar Ameropa Biotech de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Fertinagro: is táirgeoir agus trádálaí catagóirí éagsúla leasachán é – leasacháin cheimiceacha choimpléascacha, leasacháin leachtacha, leasacháin uiscethuaslagtha, bithspreagthaigh agus (micrea)chothaithigh eile, leasacháin orgánacha,

— Ameropa Holding: is agra-ghnólacht é a bhíonn ag plé le leasacháin cheimiceacha, gráin agus peitriceimiceáin, agus bíonn sé gníomhach feadh an tslabhra soláthair iomláin, sa réimsí táirgthe, lóistíochta, marsantaithe agus dáilte; gníomhaíocht thábhachtach is ea marsantú fisiceach domhanda agus dáileadh leasachán agus táirgí bia agus beatha, ar gníomhaíocht é a thacaítear agus a chumasaítear le sócmhainní comhlántacha, amhail sadhlanna, trádstórais agus saoráidí calafoirt, chomh maith le sócmhainní réamhtheachtacha amhail gléasraí táirgthe leasachán.

3. Is mórdhíoltóir leasachán é Ameropa Biotech atá faoi rialú Ameropa Holding faoi láthair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11516 – FERTINAGRO / AMEROPA / AMEROPA BIOTECH

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË